# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe substaintiúil a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi Ealaín agus Ailtireacht (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos. .

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain. Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

# Topaic 1: An Aithin i mbun Cogaíochta.

**(i)** (a) **Trí phointe: (14,13,13.)**

Thug Archidamus rabhadh nach mbeadh cogadh leis an Aithin cosúil le haon chogadh eile. Bhí an Aithin i bhfad ó bhaile. Bhí cabhlach níos fearr ag an Aithin. Bhí an Aithin i bhfad níos saibhre. Bhí comhghuaillithe agus impireacht ag an Aithin. D'fhéadfadh an Aithin a riachtanais ar fad a iompórtáil ar an bhfarraige. Theastaigh níos mó ama ó Sparta le réiteach. D'fhéadfadh an cogadh a bheith an-fhada. (40)

(b) **Pointe amháin: (10.)**

Cruthaíodh go raibh Archidamus ceart ar gach slí. Bhí an cogadh an-fhada agus gan cúnamh na bPeirseach ní fhéadfadh Sparta é a bhuachan. (10)

**(ii) Dhá phointe fhorbartha faoin mbeirt charachtar: (13,12.)**

Ba é Alcaibiaidéas an tacadóir ba ghlóraí a bhí ag an tSluaíocht chun na Sicile. Uaslathaí bródúil a bhí ann. Tugadh cúisimh ina aghaidh mar gheall ar an bpáirt a bhí aige i milleadh na Hermae. Thréig sé cabhlach na hAithne agus chuaigh sé leis na Spartaigh. Níos déanaí, shlánaigh sé é féin agus chuaigh sé ar ais le troid i gcomhair na hAithne etc. (25)

Polaiteoir a bhí i gCléón a cháin na ginearáil faoi Phulas. Tugadh ordú dó agus d'éirigh go breá leis nuair a ghabh sé na Spartaigh ar Sfaictéiria. Ach, bhí sé freagrach as an treascairt Aithneach ag Amfapoil agus maraíodh sa troid é. (25)

Ba é Agis rí Sparta agus mac Archidamus. Bhí sé éiginnte i dtosach ach ag Cath Mantinea threoraigh sé a arm chuig bua iontach agus thug sé bród ar ais do na Spartaigh. Réab sé talamh Aithneach óna bhunáit ag Decelea. (25)

**(iii)** (a) **Trí phointe: (14,13,13.)**

Mhaígh Cléón gur bhreathnaigh na hAithnigh lag trína n-intinn a athrú. Caitheadh níos fearr le muintir Mhitiléiné ná le cathracha eile, agus bhí a n-ionsaí níos laige dá bharr. Má bhí an ceart acu éirí amach bhí an Aithin mícheart cumhacht a choinneáil orthu - Pionós a chur orthu mar is ceart agus sampla a dhéanamh díobh do na comhghuaillithe eile; a léiríonn dóibh go gcuirfear pionós an bháis orthu má éiríonn siad amach. (40)

(b) **Cur síos gearr: (10.)**

Seoladh tríréim chuig Mitiléine le treoracha chun gach duine fireann a chur chun báis. Ach, nuair a chúlaigh an Tionól an cinneadh, seoladh tríréim eile amach 24 uair níos déanaí. D’iomair an criú gan stad agus shroich siad an áit sular cuireadh na chéad daoine chun báis. (10)

**(iv)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (14,13,13.)**

Thug Cléón arm na hAithne os comhair na cathrach. Ach, níor theastaigh uaidh cath a thosú go dtí gur tháinig na treisithe ann. Shocraigh sé a fhórsaí a tharraingt siar. Fad is a bhí mhuintir na hAithne ag bogadh, tháinig Brasadas amach an chéad gheata agus thug siad an t-arm chuig an lár. Rinne Clearidas ionsaí ó gheata na Tráicia ag treorú an chuid eile d’fhórsaí na Sparta. Gortaíodh Brasadas agus tugadh amach é agus mharaigh peltast Cléón ina eitilt. Thimpeallaigh an marcshlua Chalcidian muintir na hAithne agus rinne siad orthu. Níor mhair Brasadas ach sách fada le cloisteáil faoin mbua. (40)

(b) Tar éis an chatha, chaill muintir na hAithne muinín as a láidreacht agus bhí imní orthu go spreagfadh caillteanais cosúil leis sin éirí amach i measc a gcomhghuaillithe. Tháinig na Spartaigh abhaile agus a spiorad briste de bharr bhás Bhrasadais. Theastaigh síocháin ón dá thaobh agus aontaíodh sos cogaidh. Cuireadh tús le hidirbheartaíocht agus ar deireadh síníodh Síocháin Nicias. (10)

## Topaic 2: Alastar Mór.

**(i)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (10,10,10.)**

Thosaigh Léigear na Téibhe nuair a bhí Alastar ag déileáil le treibheanna thuaisceart Eilíria. Scaipeadh ráfla go bhfuair sé bás sa chath agus chinn muintir na Téibhe, faoi threoir Fhéinics agus Prothytes éirí amach in aghaidh rialú na Macadóine. Mháirseáil Alastar go tapa síos chuig Onchestus, agus ní raibh sé ach 6 mhíle ón sprioc nuair a thuig siad go raibh sé beo. Thug sé deis dóibh na cinn feadhna a thabhairt de láimh agus géilleadh, ach ní dhearna siad sin. I dtosach rinne muintir na Téibhe an-mhaith agus d’ionsaigh siad arm na Macadóine, ach b’éigean dóibh tarraingt siar taobh istigh de na ballaí. Threoraigh Perdiccas ionsaí neamhsceidealaithe ar an gcathair agus gortaíodh go dona é, mar sin b’éigean don chuid eile den arm cúnamh a thabhairt leis an ruathar. D’éirigh go maith leo agus fad is a bhí muintir na Téibhe ag trasnú droichid isteach sa bhaile, thit sé as a chéile agus bhásaigh go leor daoine. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an ngeit a baineadh astu, d’fhág siad an geata oscailte agus chuaigh arm na Macadóine isteach tríd agus rinne siad sléacht. (30)

(b) **Dhá phointe míniúcháin: (10,10.)**

Tar éis an chathair a ghabháil, rinneadh sléacht ar go leor saoránach, gabhadh 30,000 díobh agus rinneadh sclábhaithe díobh. Scartáladh an chathair (seachas teach Phiondair agus roinnt suíomhanna beannaithe). (20)

**(ii)** (a) **Cuntas comhleanúnach ar eachtra roghnaithe: (Dealramh 35.)**

Is é an eachtra is dóchúla a roghnóidh iarrthóirí an scéal a bhaineann le Cléiteas. Tosaíonn sé seo nuair a thosaíonn plámásaithe Alastair a chur a gcomparáid le hEarcail agus fiú a rá go raibh diagacht aige. Cuireann Cléiteas i gcuimhne dó cé hé féin agus gurbh iad a chuid fear a bhuaigh a chathanna. Bíonn Alastar ar buile agus ritheann sé tríd a chara le sleá. (35)

(b) **Dhá chúis: (8,7.)**

D'fhéadfaí a áireamh le pointí i bhfabhar a chrógacht, a dhiongbháilteacht, a chlisteacht mhíleata, a dháimhiúlacht agus a chineáltas lena fhir. D'fhéadfaí a áireamh le pointí in aghaidh a spadhar, go n-ólann sé an iomarca, a chruálacht agus a dhíomas. (15)

**(iii) Dhá phointe fhorbartha faoin mbeirt charachtar: (13,12.)**

Ba é Pilib athair Alastair, Rí na Macadóine, cruthaitheoir an airm ghairmiúil a bhí ina chúis le go leor de rath Alastair. Bhuail sé treibheanna sléibhe Eilíria agus d'ionchorpraigh sé iad sa Mhacadóin, bhuail sé an Aithin agus an Téibh ag Chaeronea agus bhí an ghráin ag Déamastainéas air. Bhí Pilib an-bhródúil as a mhac agus dúirt sé nach mbeadh an Mhacadóin sách mór dó. Phós sé Oilimpias (máthair Alastair) agus ina dhiaidh sin d'fhág sé í le bheith le Cléópátra. Bhí troid mhór aige féin agus Alastar ag mbainis seo. Níos déanaí, ag bainis a iníne, feallmharaíodh Pilib. Bhí sé i gceist aige dul ar thuras go dtí an t-oirthear. (25)

Ba é Hephaestion cara saoil/leannán Alastair. Bhraith sé air i gcomhair comhairle agus tacaíochta. De réir mar a bhog siad soir, thaitin bealaí an oirthir agus teanga agus saol na bPeirseach go mór le Hephaestion. Chruthaigh sé seo teannas sa champa mar nár thaitin sé seo le roinnt de na Macadónaigh níos sine (e.g. Craterus). Cheap máthair Dháirias gurbh é Hephaestion Alastar ach dúirt Alastar "Is Alastar eile é". Bhí Alastar trína chéile nuair a cailleadh ag Eacbatana é (díreach sula bhfuair sé féin bás). (25)

Ba é Dáirias Rí Mór na bPeirseach. Tháinig sé i gcumhacht ó bheith ina chúiréir ríoga mar gur chol ceathrar i bhfad amach leis an réamhtheachtaí a bhí ann. Ní fear mór míleata a bhí ann agus tá trua de chineál éigin ag Airrianas dó, ag rá nach drochfhear a bhí ann, ach go raibh mí-ádh air. Déanann sé botún mór i dtosach trí bhogadh ó mhánna na hAisiria roimh Chath Iseas, ag cur a arm in áit theoranta. Fágann sé an cath féin go tapa, cailleann sé a theaghlach, a charbad, a chlaíomh ... etc. I malairt litreacha déanann sé iarracht réiteach le hAlastar, tairgeann sé an talamh go léir siar ó Abhann na hEofraite a thabhairt dó mar aon

lena iníon le pósadh, ach leanann Alastar leis agus bíonn bua iontach aige ag Gágaiméala. Faigheann Dáirias bás ar bhealach náireach, mar go maraíonn a chairde é, Bessus san áireamh. (25)

**(iv)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (14,13,13.)**

Tharla cath Ghágaiméala i 331 RC. Chuaigh Alastar in aghaidh an Rí Dáirias ar mhá oscailte a ghlan Dáirias roimh ré. Bhí líon saighdiúirí i bhfad níos mó in aghaidh Alastair, suas le cúigear nó seisear in aghaidh aon fhir amháin. Láidrigh Alastar a champa anseo agus is cosúil go mb'éigean é a dhúiseacht ar mhaidin an chatha. Glacadh le comhairle Pairméinión chun reicí a dhéanamh ach níor glacadh lena chomhairle chun ionsaí a dhéanamh san oíche (ar chúiseanna éagsúla). Ach chuala an freasúra faoi ionsaí oíche agus d'fhan siad ina suí i gcaitheamh na hoíche gan aon chodladh. Bhí cúig eilifint déag i líne ag Dáirias in aghaidh na nGréagach agus scata carbad Scitiacha. Bhí na saighdeoirí ann le déileáil leis na Scitiaigh agus dúradh leis na fir seasamh i leataobh agus iad a ligean tríd má tháinig siad chomh fada sin. Labhair Alastar lena chuid fear mar is gnách. Bhain sé úsáid chliste as a chuid fear, falang dhúbailte le bearna sa lár agus ansin dhá "liopa" measctha de mharcshlua agus saighdiúirí coise ar an dá thaobh. Rinne sé seo cineál dronuilleog folamh le déileáil le scoitheadh cliatháin ar an bhfreasúra. Ansin rinne sé ionsaí, ag dul chuig an taobh clé, rud a chuir an freasúra chuig a dtaobh deas. Chruthaigh sé seo bearna a ndeachaigh Alastar tríd lena Chompánaigh Choisithe, agus rinne siad greadlach orthu. Bhris roinnt de na Peirsigh tríd an ár ach chuaigh siad ar seachrán, ag sladaíocht ar champa na Gréige. Ar an gcliathán clé, bhí Pairméinión i dtrioblóid mhór agus nuair a d'fhág Dáirias, chuaigh Alastar i dtreo an chliatháin chlé agus d'atreisigh sé é. Bhí an lá leis. (40)

(b) **Pointe forbartha amháin: (10.)**

D'fhág Dáirias an láthair chatha agus Alastar agus a fhórsaí ar a thóir, ag dul chomh fada le hEacbatana ar deireadh. Nuair a tháinig Alastar ina dhiaidh chuaigh sé i dtreo an oirthir trí na Geataí Caispeacha. Dhiúltaigh a leantóirí iompú agus troid, mar sin fágadh Dáirias gan chosaint. Chuir Bessus sa phríosún é, ghlac sé leis an ríchathaoir agus mharaigh sé é. Dúradh é seo le hAlastar agus chuaigh sé ina threo. Choinnigh leantóirí Bessus Dáirias agus seans gur mhair sé sách fada le gur aimsigh saighdiúir ón Macadóin é. Chaith Alastar lena chorp le honóir agus cuireadh i gcré ag Peirsipilis é. (10)

## Topaic 3: An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

**(i)** (a) **Pointe míniúcháin forbartha amháin: (15.)**

B'fhadhb chomh mór sin iad na foghlaithe mara mar gur ghabh siad bailte cósta Rómhánacha agus gur fhuadaigh siad oifigigh Rómhánacha fiú, ag gabháil báid thapa agus airgead. Bhí siad ag magadh faoi na huaisle Rómhánacha, scrios siad scrínte agus teampaill agus rinne siad guais de thaisteal agus trádáil sa Mheánmhuir. (15)

(b) **Cuntas comhleanúnach: (12,12,11.)**

Bhó 500 long ag Poimpéas agus arm 120,000 saighdiúir coise agus 5,000 marcshlua. Roinn sé an Mheánmhuir ina 13 cheantar ar leith agus cheap sé ceannasaí le long do gach ceantar. Ansin aimsíodh na foghlaithe mara agus tugadh isteach sa chuan iad. Ar an mbealach seo, glanadh na foghlaithe mara ar fad ón Muir Thoirian, Muir na Libia, an tSairdín, an Chorsaic agus an tSicil. Ansin, le 60 long, sheol Poimpéas in aghaidh an phríomhghrúpa sa Chilic. Críochnaíodh an tasc i 40 lá. Ghéill go leor de na foghlaithe mara. Níor mharaigh Poimpéas iad. Thug roinnt eile troid in aice leis an gCilic ach buaileadh iad. Cuireadh a gcaisleáin agus a ndaingin faoi léigear. Ar deireadh, lorg siad trócaire agus cuireadh deireadh leis an gcogadh tar éis 3 mhí. Bhí 20,000 príosúnach aige agus shocraigh sé iadsan i gcathair Soli agus Dyme sa Ghréig. (35)

**(ii)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (12, 12, 11.)**

Thosaigh lá deireadh Chaesair lena bhean, Calpurnia ag rá leis go raibh drochbhrionglóid aici faoi. I rith na hoíche cheana féin, d'oscail na doirse agus na fuinneoga ar fad sa teach. Thug fáidh rabhadh dó freisin faoin lá áirithe seo, Íodh Márta. Ba é an bhrionglóid gur séideadh agus gur briseadh an ornáid bhinne a thug an Seanad do Chaesar. Deir daoine eile gurb é an bhrionglóid go raibh a fear céile dúnmharaithe ina lámha aici. D'impigh sí air gan dul chuig an Seanad agus nuair a thug tuartha na fáithe an rud céanna le fios, d'aontaigh sé gan dul ann. Ach ansin tháinig roinnt de na comhchealgairí agus chuir siad ina luí air dul ann trí insint dó go mbeadh droch-chuma air dá nglacfadh sé le treoir ó bhrionglóidí a mhná agus go raibh an Seanad chun ríogacht ar na cúigí a bhronnadh air. Dúirt Brútas Albinus, ar a laghad, gur cheart dó dul chuig an Seanad agus leithscéal a ghabháil go pearsanta. Teipeadh in dhá iarracht chun faisnéis faoin bplota a thabhairt dó (ceann ag sclábhaí agus ceann ag Artemidorus). Coinníodh Antaine taobh amuigh ag caint fad is a bhailigh na comhchealgairí timpeall ar Chaesar ag cur i gcéill gur theastaigh uathu Tullius deartháir Cimber a aisghairm óna loingeas. Ghabh Tullius toga Chaesair agus gur tharraing sé anuas é, bhuail Casca ar dtús é agus ansin thosaigh siad ar fad á bhualadh. Deirtear gur throid Caesar go cróga go dtí gur sháigh Brútas sa bhléin é agus gur ghéill sé. Thit sé ag bun na deilbhe do Phoimpéas.(35)

(b) **Dhá chúis: (8,7.)**

Ba iad na cúiseanna lena fheallmharú, ar an gcéad dul síos cheap Brútas agus daoine eile, trína mhian le bheith ina rí go raibh an Phoblacht á cur i gcontúirt aige agus go gcaithfeadh sé imeacht. Bhí éad ar dhaoine eile mar gheall ar a rath agus níor thaitin sé leo go pearsanta.

(15)

**(iii)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (14,13,13.)**

Chuir Pythius an dallamullóg ar Canius ar an mbealach seo a leanas: Tagann Canius, Rómhánach saibhir chuig Sioracús agus é ag smaoineamh ar eastát tuaithe a cheannach. Is baincéir é Pythius agus cinneann sé dallamullóg a chur ar Canius agus a eastát a dhíol leis. Tugann sé cuireadh dó chuig dinnéar agus shocraigh sé go mbeadh iascairí áitiúla ar fad an cheantair ag iascach ag a theach agus go dtabharfaidís na héisc a fuair siad isteach ar an gcladach ann. Tagann an t-uafás iasc isteach agus ligeann Pythius air féin go mbíonn sé mar seo go hiondúil. Tá bís ar Canius an teach a cheannach (níor luaigh Pythius go bhfuil sé ar díol fiú) agus íocann sé praghas as cuimse leis air. An lá dar gcionn, ní bhíonn bád ar bith le feiceáil agus tuigeann Canius gur cuireadh dallamullóg air. (40)

(b) **Pointe amháin (10.).**

Déanann Cicearó cur síos ar Pythius mar "dhuine le drochintinn, gan chreideamh agus mímhacánta". Deir sé chomh maith go bhfuil daoine mar sin "lán le duáilcí" a dhéanann cur i gcéill chun dallamullóg a chur ar dhaoine eile. (10)

**(iv)** **Trí dhán le plé: (17,17,16.)**

D'fhéadfaí a áireamh le cúiseanna féideartha an mhacántacht mothúcháin a chuirtear in iúl sna dánta grá agus sna dánta ina bhfuil brón nó méala. Tig le daoine taitneamh a bhaint as Catullus chomh maith mar gheall ar a fhulaingt agus pian. Féachtar ar an bhfile mar dheartháir maith agus mar chara cineálta agus tuisceanach. Níl na téamaí lena bpléann sé uilíoch agus níl siad bainteach leis an tSean-Róimh amháin. Is file an-daonna agus grámhar é a dtéann a chuid dánta i bhfeidhm ar mhórán gach duine. Bí ag súil le tagairtí soiléire le dánta ainmnithe ar an gcúrsa. (50)

## Topaic 4: Na Staraithe Rómhánacha.

**(i)** (a) **Trí phointe: (10,10,10.)**

Is é Saol Ágastas le Séatóinias ár bhfoinse do na bearta seo. Luann Séatóinias na hoibreacha poiblí seo a leanas: Fóram Ágastas; Teampall Apalló ar an gCnoc Palaitíneach; teampall Iúpatair ar Chnoc an Chaipeatóil. Spreag sé daoine eile chomh maith le "séadchomharthaí poiblí nua a chur timpeall na cathrach nó chun na séadchomharthaí ársa a athchóiriú agus a fheabhsú". D'athchóirigh sé teampaill dhóite nó i bhfothracha chuig ardchaighdeán. Ní gá na do hiarrthóirí ainm a thabhairt ar na foirgnimh ar leith. (30)

(b) **Dhá phointe: (10,10.)**

Roinn Ágastas an chathair ina bardaí agus ina dúichí faoi ghiúistís agus mhaoirseoirí. D'eagraigh sé stáisiúin d'fhir faire oíche le cosaint in aghaidh tinte. Chuaigh sé thar chaol na Tibire chun tuillte a chosc. Bhí na bealaí isteach chun na cathrach feabhsaithe trí na bóithre a athphábháil. Chuir sé póilín armáilte sna dúichí ina raibh ropairí, rinneadh iniúchadh ar bheairicí sclábhaithe agus fuair sé réidh le gildeanna na bhfear oibre ar fad. (20)

**(ii)** (a) **Dhá phointe: (13,12.)**

Tuairimí fabhracha faoi Ágastas: Áiríodh leo seo fadsaol a sheilbhe oifige agus chomh rathúil is a bhí sé; luadh an líon mór concas a rinne sé agus an dea-eagar agus dea-riaradh a bhí ar a impireacht, a arm agus a chabhlach; chomh maith leis sin athchóiríodh an Róimh féin chuig an gcaoi álainn ina raibh sí agus níor thug sé faoi chogaíocht ach nuair ba ghá. (25)

(b) **Dhá phointe: (13,12.)**

Tuairimí mífhabhracha faoi Ágastas: Deir na daoine siúd a labhair ina choinne gur scéiméir a bhí ann a raibh sé i gceist aige ón tús an stát a rialú; deir siad go raibh sé freagrach as cogadh cathartha uafásach agus as caitheamh go tréasach le go leor d'uaisle na Róimhe; cuireadh ina leith go raibh sé barbartha i leith a naimhde; cáineadh a bhean Livia chomh maith, as a bheith go dona don Róimh agus ceistítear ceapachán Thibir mar chomharba ar Ágastas. (25)

**(iii)** (a) **Trí phointe: (10,10,10.)**

Bhí Séánas ina Cheannasaí ar an nGarda Praetóireach. Threisigh sé a chumhacht tríd an nGarda a dhíriú ar champa amháin. Ansin, mheall sé Livilla, bean Dhrúsas, mac Thibir. Nimhigh sé Drúsas. Ansin bhog sé in aghaidh Agrippina, bean Germanicus. D'éirigh Séánas cairdiúil le Tibir trína shábháil nuair a thit clocha fad is a bhí an t-impire ag ithe ag teach ar a tugadh an Phluais. Nuair a chuaigh Tibir ar ais chuig Capri, bhí cumhacht ollmhór ag Séánas. (30)

(b) **Dhá phointe míniúcháin: (10, 10.)**

Thug Antonia rabhadh do Thibir faoi uaillmhianta Shéánas. Chun a amhras a mhaolú, cheap sé Séánas ina chonsal. Ansin chuir sé ina luí air go bpósfadh sé isteach sa teaghlach impiriúil agus go mbeadh sé ina threabhann. Dúradh go rúnda le Macro ceannas a ghlacadh ar a chohóirt Phraetóireacha. Ansin chuir Tibir a fheall in iúl don seanad. Dhaor siad Séánas agus cuireadh chun báis é. (20)

**(iv)** (a) **Trí phointe: (14,13,13.)**

Laghdaigh sé costas na ndrámaí agus na seónna poiblí, trí liúntais le haisteoirí a laghdú agus líon na ngliairí a laghdú. Rinne sé gearán leis an seanad gur ardaigh praghas na bpotaí Corantacha an oiread sin agus gur díoladh na trí mhilléad ar tríocha míle sesterce. Bheartaigh sé gur cheart dlí nua a achtú go mbeadh na búistéirí agus na díoltóirí bia eile faoi réir cánach, a shocróidh an seanad go bliantúil. Theastaigh uaidh díolachán taosráin a chosc. Chun tíosaíocht a spreagadh sa phobal trína shampla féin, bheadh bia a bheadh fágtha aige ar na boird ag a chuid féastaí féin, ag rá go raibh sé sách maith. Dúirt sé nár cheart aon bhronntanas athbhliana a thabhairt tar éis an chéad mhí den bhliain nua. Bhíodh sé an-fhlaithiúil leis na bronntanais seo roimhe sin, ach bhí na hidirbhristeacha ar fad ag cur as dó agus níor thug sé aon bhronntanas eile. (40)

(b) **Sampla amháin: (10.)**

Thairg Tibir iasacht phoiblí de mhilliún píosa óir saor ó ús ar feadh trí bliana chun faoiseamh a thabhairt ó ghéarchéim eacnamaíoch. D’íoc sé as tithe a atógáil ar Chnoc Caelian chomh maith, a scriosadh i dtine. Tar éis bua amháin, thug sé dinnéar do na daoine ag na mílte bord agus thug sé 30 sesterce do gach fear. (10)

## Topaic 5: An Drámaíocht Ghréagach.

**(i)**(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Ní féidir le Méide filleadh ar a tír féin mar go ndearna sí feall ar a hathair agus gur mharaigh sí a dearthái r. Chuidigh sí le hIasón le Lomra an Óir a ghoid agus nuair a tháinig siad ar ais, chun tóir a hathar a mhoilliú, mharaigh sí a dearthái r níos óige agus ghearr sí ina phíosaí é, á gcaitheamh taobh thiar den bhád. (15)

(b) **Trí phointe: (12,12,11.)**

Faigheann Méide an cór (de mhná Corantacha) ar a taobh féin trí na casaoidí a bhíonn ag mná a liostú. Deir sí gur gá dóibh fear céile a “cheannach” i dtosach báire agus ansin fiú nach

mbíonn a fhios acu an bhfuil aon mhaith leis. Má thagann leadrán air, is féidir leis dul amach agus taitneamh a bhaint as an saol, ach níl sé seo measúil do bhean. Más mian le fear colscaradh a fháil, féadfaidh sé, ach níl an rogha seo ag bean. Ar deireadh, déanann sí beag is fiú den argóint go gcosnaíonn fir na mná agus deir sí gurbh fhearr léi a bheith ar thús cadhnaíochta trí huaire sa chath ná leanbh amháin a thabhairt ar an saol. (35)

**(ii)** (a) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Ag tús an dráma, bíonn meas ag an gCór (de shaoránaigh na Téibhe) ar Éideapús mar gur shábháil sé an chathair ón Sfioncs. Bíonn súil acu go mbeidh sé in ann a gcuid fadhbanna uafásacha a leigheas arís. Tá siad ag fulaingt ó phlá uafásach agus creideann siad go mbeidh sé in ann iad a leigheas. Tugann siad "an chéad i measc fear" air. (15)

(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Is é an phríomhchúis go bhfuil an oiread sin measa acu air is ea gur shábháil sé iad ó Sfioncs na dtomhas. Shábháil sé iad arís an lá sin agus teastaíonn an rud céanna arís uathu. Is léir chomh maith gur rí cineálta, cosúil le hathair atá ann a bhfuil imní air faoina dhaoine. (15)

(c) **Pointe forbartha amháin: (20.)**

Meascán d'uafás agus trua a mhothaíonn siad dó ag deireadh an dráma. Ní chreideann siad go bhféadfadh duine a bhí chomh hiontach coireanna chomh huafásach sin a dhéanamh agus tá uafás orthu gur roghnaigh na déithe an chinniúint seo dó. Breathnaíonn siad air mar shampla de chomh scanrúil is atá cumhacht na ndéithe. (20)

**(iii)** (a) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Tugann an teachtaire as an gCoraint an scéal go bhfuil Polybus, Rí na Corainte agus an fear a chreideann Éideapús gurb é a athair é básaithe de bharr cúiseanna nádúrtha. Deir sé leis chomh maith go dteastaíonn ó mhuintir na Corainte go mbeadh sé mar rí acu. (15)

(b) **Cúis amháin le míniúchán maith: (15.)**

Dea-scéal atá anseo d'Éideapús agus do Jocasta mar go bhfuil Éideapús díreach tar éis a nochtadh go bhfuil faitíos air roimh an oracal a dúirt go maródh sé a athair agus go bpósfadh sé a mháthair. De bharr gur cailleadh Polybus de bharr seanaoise, ceapann Éideapús go bhfuair sé bás de bharr croí briste, le cumha dá mhac. (15)

(c) **Dhá phointe: (10,10.)**

Agus an teachtaire ag éisteacht le hÉideapús agus le Jocasta, iarrann sé cén fáth go bhfuil siad chomh sásta agus insítear dó faoin oracal. Ansin, déanann sé iarracht Éideapús a chur ar a shuaimhneas agus insíonn sé dó nach iad Polybus agus Merope a thuismitheoirí, agus gur

tugadh dóibh mar bhronntanas é. Osclaíonn sé seo an mhistéir ar fad agus foghlaimíonn Éideapús faoi féin dá bharr. (20)

**(iv)** (a) **Cuntas ina ndéantar cur síos ar an dá bhás: (13,12.)**

I dtosach maraíonn Méide Glauce agus Créón trína mic a fháil chun róba agus coróin ar a bhfuil nimh a thabhairt don bhanphrionsa. Nuair a chuireann Glauce uirthi iad, dónn siad a cuid gruaige agus a cuid feola agus titeann sí ar an urlár, marbh. Ansin ritheann Créón isteach agus is ar éigean a aithníonn sé corp a iníne atá ainimhithe go gránna agus piocann sé suas í agus tugann sé barróg di. Agus an nimh chéanna air, greamaíonn sé di agus ní féidir leis scaradh uaithi. Faigheann sé bás agus é greamaithe dá iníon. Nuair a chloiseann sí an scéal, tógann Méide a buachaillí isteach sa teach go stadach agus sánn sí iad le claíomh. (25)

(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Maraíonn Méide iad ar fad le haidhm amháin, díoltas a fháil ar Iasón as í a thréigean. Ní féidir léi déileáil leis go mbeadh a cuid naimhde ag gáire fúithi agus dá bharr seo teastaíonn díoltas uaithi. Cé go ngortaíonn bás a mic í chomh maith, b’fhiú é chun Iasón a ghortú. (15)

(c) **Pointe amháin míniúcháin: (10.)**

Éalaíonn Méide le cúnamh na ndéithe. Tugann dia na gréine carbad di atá á tharraingt ag dragain. Feictear go deireanach ar an gcarbad seo í agus í ar a bealach chun na hAithne. (10)

## <u>Topaic 6: An Epic Ársa.</u>

**(i)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (14, 13, 13.)**

Tá tearmann a fháil ag an Rí Priam ag an altóir ina phálás mar aon lena bhean chéile agus a iníonacha (cosúil le coilm i stoirm). Cuireann sé air a chathéide agus beireann sé ar a chlaíomh go truamhéalach, ach tá sé sean agus ag croitheadh. Feiceann Aeinéas Polites, a mhac is óige, a ritheann isteach agus é gortaithe, ag iarraidh éalú ó Phiorras. Ach sciorrann sé agus titeann sé, agus faigheann sé bás os comhair a athar. Áitíonn Priam le Piorras, ag rá nach ndéanfadh a athair Aichill a leithéid de rud uafásach. Faigheann Piorras greim ar ghruaig Phriam agus deir sé leis é sin a insint d’Aichill (atá marbh anois). Ansin cuireann sé a chlaíomh tríd an seanfhear. (40)

(b) **Cúis amháin: (10.)**

Tugann, cuireann sé laige Phriam i gcodarsnacht le barbarthacht Phiorras. Tá a shamhail de na coilm i stoirm an-bheoga agus tá truamhéala iontach i mbás uafásach Phriam os comhair a chlann féin ag a altóir féin. Cuireann crógacht Phriam tréine leis an radharc. (10)

**(ii)** (a) **Dhá phointe: (10,10.)**

Caidreamh míchothrom atá idir Cailíopsó agus Odaiséas. Chónaigh sé ar a hoileán le seacht mbliana, agus is aoibhinn léi é. Ach cé go gcodlaíonn sé léi, níl sé i ngrá léi agus is fada leis dul abhaile chuig a bhean chéile Péinealaipé. Cé gur thairg Cailíopsó neamhbhásmhaireacht dó, tá cumha air i ndiaidh Ithaca agus caoineann sé ar an gcladach. (20)

(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Tugann Heirméas, teachtaire na ndéithe, arna sheoladh ag Séas, cuairt ar Chailíopsó, le treoracha le scaoileadh le hOdaiséas. Ní thaitníonn sé seo léi ach tuigeann sí go gcaithfidh sí é a dhéanamh. (15)

(c) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Tugann sí cúnamh dó chun bád a thógáil lena iompar agus cuireann sí comhairle air faoi chontúirt na farraige. (15)

**(iii)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (12,12,11.)**

Cruthaíonn Eomaes a chrógacht agus a dhílseacht trí an-fháilte a chur roimh Odaiséas nuair a bhíonn sé gléasta ina fhear déirce, rud a chruthaíonn gur fear maith é a roinneann an beagán atá aige. Deir sé leis an “bhfear déirce” chomh maith go bhfuil an ghráin aige ar na suiríocha agus gur fada leis go dtagann Odaiséas abhaile. Feiceann Odaiséas chomh lách agus chomh cineálta is atá sé lena mhac Telemachus. Nuair a insíonn Odaiséas d’Eomaes gurb é atá ann, ní bhíonn drogall ar bith air dul in éineacht leis sa chath in aghaidh na suiríoch sa halla, áit a dtroideann sé go cróga. (35)

(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Tá Melanthius, i gcodarsnacht leis, mímhúinte agus tútach leis an “bhfear déirce”. Maslaíonn sé é agus cáineann sé é, tugann sé cic dó fiú agus glacann sé taobh na suiríoch sa phálás. (15)

**(iv)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (10,10.)**

Chuala Díodó go leor scéalta cheana faoi Aeinéas iontach óna hathair nuair a bhí sí níos óige agus tá sí réidh le bheith tógtha leis. Chomh maith leis sin, seolann Véineas Cúipid chuici ionas go dtitfidh sí i ngrá le hAeinéas. Tagann sé chun a cúirte, agus slacht níos fearr fós

curtha ag a mháthair air. Tá sí álainn agus cineálta agus fáiltíonn sí roimh mhuintir na Traí. Is rialtóir cumasach í chomh maith. Dá bhrí sin, tá sé dosheachanta go dtitfidh siad i ngrá, ise faoi gheasa an bhandé agus eisean mar go bhfuil sí chomh hálainn agus chomh cineálta sin. (20)

(b) **Pointe forbartha amháin (15.)**

Fágann Aeinéas Díodó mar gur fear le misean atá ann. Cuireann Mearcair, arna sheoladh ag Iúpatar, a fhaillí i ndualgas i gcuimhne dó. Tuigeann sé gurb é atá i ndán dó cine nua a bhunú san Iodáil agus go gcaithfidh sé éisteacht leis na déithe agus imeacht.
(15)

(c) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Nuair a théann Aeinéas chuig an Domhan Thíos chun a athair a aimsiú, téann sé trí réigiún brónach na ndaoine a fuair bás le haghaidh grá. Ansin, feiceann sé Díodó, cosúil le gealach nua taobh thiar de scamall. Téann sé ina treo, trína chéile, agus cuireann sé in iúl a ghrá di agus a bhrón mar gheall ar an méid a tharla. Teastaíonn uaidh míniú a thabhairt ach tá sí chomh fuar le marmar agus diúltaíonn sí labhairt leis, iompaíonn sí a droim air le dul ar ais chuig a fear céile básaithe, Sychaeus. (15)

## <u>Topaic 7: Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.</u>

**(i)** (a) **Trí chúis tacaithe: (12,12,11.)**

Is leannán míshásta agus éadmhar é Proipeirtias. In *Two Requests*, tagraíonn sé dá ghrá nua mar an bhean a ghortóidh é gan dabht. Fiú sula bhfuil caidreamh aige, tá a fhios aige nach mbeidh sé sásta leis an ngrá. In *Gone to Clitumnus* is léir gur duine an-sealbhach atá ann agus nach bhfuil muinín aige go mbeidh sí dílis dó. Is cosúil gur mhaith leis úinéireacht a bheith aige uirthi. Is léir é seo in *Gone* freisin. Tá sé an-searbh faoina sheanchailín agus faoin damáiste a cheapann sé a rinne sí leis. In *Cupid* fiú, atá éadromchroíoch, deir sé go bhfuil sé cuí go dtaispeánfaí grá mar shaigheada a chuireann an-phian ar dhaoine. Léiríonn an cur chuige foréigneach le Cynthia in *Cynthia* gur fear faiteach é a ghreamaíonn dá leannán ar bhealach easpach agus uaireanta ar bhealach brúidiúil fiú, ní ar bhealach sona, stuama. Cé go dtaitníonn grá leis, ní cosúil go dtugann sé aon suaimhneas dó. (35)

(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Déarfaidh formhór na n-iarrthóirí nach bhfuil an t-ádh léi. Is é *Cynthia* an dán is soiléire le húsáid anseo mar shampla sa mhéid is go n-úsáideann sé foréigean ina treo agus go mbagraíonn sé í. Cé go mothaíonn sé gá mór dá leannán, is deacair a fheiceáil go rachadh sé seo chun tairbhe di ar aon bhealach. Tá sé plúchtach agus sealbhach, éadmhar agus éilitheach. (15)

**(ii)** (a) **Trí phointe. (14,13,13.)**

Is iad na hathruithe a fheiceann Veirgil ag teacht: Go dtiocfaidh ceartas chuig an domhan an athuair, soláthróidh an domhan bláthanna agus luibheanna áille, tabharfaidh ainmhithe aire dóibh féin agus beidh an leon agus an t-uan mar chairde. Beidh nathracha imithe agus beidh boladh deas ar an aer. Beidh gá le cogaí a throid go fóill, ach sa deireadh ní bheidh gá le longa trádála fiú mar go mbeidh an talamh neamhspleách. Fásfaidh na caoirigh olann dhaite fiú. (40)

(b) **Ceachtar den bheirt liostaithe thíos: (10.)**

Tá Veirgil ag scríobh faoi leanbh gan bhreith Ágastas nó Mharcais Antaine. (10)

**(iii)** (a) **Cuntas comhleanúnach i bhfocail féin an iarrthóra: (14,13,13.)**

Tá cuairteoir ón gcathair ag teacht chuig an Luch Tuaithe agus réitíonn sé béile de pheasair, rísín, píosa de shaill choganta agus bianna ainmhíne eile. Ní thaitníonn sé seo lena chuairteoir ón gcathair agus cuireann sé ina luí air teacht chuig an gcathair agus saol maith a bheith aige. Suíonn siad ar thoilg áille dhearga agus itheann siad bia agus fíon álainn, ach go tobann cloiseann siad maistíní ag tafann agus caitheann siad rith go beo. Cinneann an Luch Tuaithe gur fearr leis i bhfad sábháilteacht agus ciúnas na tuaithe ná só ar bith sa chathair. (40)

(b) **Pointe amháin: (10.)**

Tá Horáit ag rá linn go bhfuil an saol tapa, cé go bhfuil buntáistí na sócúlachta agus an phléisiúir leis, strusmhar agus contúirteach agus nach bhfuil sé go maith dúinn. Táimid níos fearr as le saol simplí, dóthain le hithe, compord bunúsach agus slándáil seachas a bheith santach agus ár bhfolláine a chur i gcontúirt. (10)

**(iv)** (a) **Cuntas comhleanúnach i bhfocail an iarrthóra féin: (14,13,13.)**

Seanlánúin iad Baucis agus Filéamón a dtugann Iúpatar agus Mearcair cuairt orthu faoi cheilt. Thaisteal na déithe mar bhacaigh lena fheiceáil cé chomh cineálta is a bheidh daoine leo agus tá bóthar tugtha ag gach duine dóibh. Ach fáiltíonn an lánúin scothaosta, a chónaíonn i dteachín beag, roimh na strainséirí agus roinneann siad a bhfuil acu. Níl mórán beatha acu ach tá sé go deas agus cloisimid sonaí faoi na feistis agus an bia ainmhíne. Ag deireadh an bhéile, tugann an lánúin faoi deara go bhfanann an flaigín fíona lán i gcónaí agus tuigtear dóibh gur déithe iad an bheirt. Téann siad chun a ngé a mharú dóibh, ach deirtear leo stopadh. Deirtear leo an sliabh a dhreapadh le himeacht óna bhfuil i ndán dá gcomharsana, agus ansin feiceann siad tuile mhór ag ardú, ach sábháiltear a dteachín féin. Iarrtar orthu cén

mhian atá acu agus is é an freagra atá acu gur mian leo fanacht agus freastal ar na déithe agus bás a fháil ag an am céanna ionas nach mbeidh ar cheachtar acu an duine eile a chailleadh. Iompaítear a dteachín ina theampall mór agus ceadaítear a mianta. Agus iad sean, tosaíonn duilleoga ag fás astu agus aistrítear ina dhá chrann casta timpeall ar a chéile iad. (40)

(b) **Cúis amháin le míniúchán: (10.)**

Áirítear le cúiseanna chun taitneamh a bhaint as an scéal seo: An cheilt agus an t-iontas mar nach bhfuil a fhios ag an lánúin cé atá ina dteachín; an cur síos álainn ar chomh sásta is atá an lánúin nach bhfuil drochmheas acu ar an easpa sócúlachta; an cur síos grámhar ar an mbéile agus ar throscán an teachín; an ceartas a bhaineann le luaíocht a thabhairt don lánúin as a gcineáltas; agus ar deireadh an cur síos mothúchánach ar a n-aistriú. Deireadh an-rómánsúil atá ann. (10)

## Topaic 8: An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

**(i)** (a) **(10.)**

Tá an teampall suite ag imeall an Acrapolais san Aithin. (10)

(b) **(10.)**

Marmar Peinteilice an chloch a úsáidtear san fhoirgneamh. (10)

(c) **(10.)**

Is leis an ord Ianach an teampall. (10)

(d) **Trí phointe: (7 7 6.)**

Is teampall Ianach an-bheag atá sa teampall gan ann ach ceithre cholún chun tosaigh agus ceithre cholún ar chúl an fhoirgnimh. Áirítear san ord Ianach bonn do na colúin thanaí, cuisliú a bhfuil dromchla fleascach aige neamhchosúil le cuisliú Dórach. Tá imchásáil roinnte ina thrí bhanda le fríos leanúnach ar a bharr. Bhí figiúirí aige sa pheidiméid agus chonacthas na Gréagaigh ag troid in aghaidh na bPeirseach ar an bhfríos. Bhí acroteria ór air. Bhí uchtbhalla mórthimpeall ar an teampall a thaispeáin figiúirí rilífe de Nicé, lena n-áirítear an ceann cáiliúil di ag dúnadh a cuaráin. (20)

**(ii)** (a) **(10.)**

Is é Séas nó Poiséadón an dia a fheictear anseo. (10)

(b) **(10.)**

Aimsíodh an dealbh ag íochtar na farraige amach ó Cheann Artemision. (10)

(c ) **(10.)**

Tá an dealbh déanta de chré-umha. (10)

(d) **Dhá phointe: (10,10.)**

Tá an dealbh níos mó ná beatha, tá sí an-taibhseach agus mór, maorga ina léiriú ar fhigiúr d'fhear cumhachtach, tá sé ag siúl, réidh le trírinn/caor thine a caitheamh agus is sampla iontach atá ann de ghluaisne stoptha, figiúr atá díreach ar tí rud éigin a dhéanamh. Tugtar an anatamaíocht le fios ar bhealach iontach agus tá an t-éadan agus an ghruaig fhada agus féasóg ar fheabhas. (20)

**(iii)** (a) **Pointe amháin míniúcháin: (15.)**

Níl dealbhóireacht rilífe saorsheasaimh. Is dealbh é a ghreantar go héadomhain nó go domhain i gcloch. Dealbh atá ann atá fós ceangailte den chloch foinse.
(15)

(b) **(10.)**

Is í an bandia Afraidíté an bhean i lár na deilbhe, bandia an ghrá agus na háilleachta. (10)

(c) **Pointe amháin míniúcháin: (10.)**

Léiríonn sé seo breith Afraidíté, tháinig sí aníos ón bhfarraige agus tá beirt bhanseirbhíseach ag cuidiú léi teacht i dtír. (10)

(d) **Dhá phointe: (8,7.)**

Tá siméadracht álainn le staidiúir na bhfigiúirí sa dealbh seo. Ardaítear Afraidíté as an uisce lena lámha in airde agus tá beirt mhaighdean ar a taobhanna, a chromann chun í a chosaint le píosa éadach. Tá a cruthanna mar fhráma uirthi agus tugann a lámha, ceann amháin taobh thiar den cheann eile doimhneacht álainn. Tá éadaí ar fhigiúirí na mban, ach tá siad beagnach iomlán glé faoina n-éadaitheoireacht scannánach. Téann an éadaitheoireacht ó bheagnach dofheicthe (ar Afraidíté) go dtí beagán níos troime agus níos teimhní (ar an gcailín ar chlé) chuig sách trom agus tiubh (an t-éadach atá á chrochadh sa lár). Déanann sé seo athrú deas sna crapthaí agus filltí mar aon leis na colainn faoi a nochtadh. (15)

**(iv)** (a) **Dhá phointe: (10,10.)**

Is é Laocoon an figiúr lárnach agus tá sé féin agus a mhic á n-ithe ag dhá phéist farraige. Sháraigh sé Capall Adhmaid na Traí trí shleá a chaitheamh agus tá pionós á chur air anois ag Poiséadón agus Aitéiné. (20)

(b) **(10.)**

Baineann an dealbh seo leis an tréimhse Heilléanaíoch. (10)

(c) **Trí ghné: (7,7,6.)**

Tá an dealbh seo lán le drámaíocht agus mothúcháin, na géaga casta ina chéile á gcéasadh, casadh na bpéist agus déine an mhothúcháin atá ar fad le feiceáil i scoil dealbhóireachta Pergamon Heilléanaíche. Gnéithe iad éadan Laocoon, casta siar cráite, a fhéasóg agus a ghruaig chatach, agus na géaga teanna den ré seo. Seasann na féitheacha amach as lámha agus cosa na bhfigiúirí fiú. Baineann an drámaíocht mhór seo, mearbhall na gcorp, gach matán teann agus mothúchán ar gach éadan, go mór leis an stíl Heilléanaíoch. (20)

## Topaic 9: An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

**(i)** (a) **Cuntas comhleanúnach: (12,12,11.)**

Meafar den phobal trí chéile atá san Ainmhí Mór Cumhachtach. Is féidir fios a bheith ag duine faoin rud a shásóidh an pobal agus a gheobhaidh a vótaí, ach ní hionann sin i gcónaí agus leas an phobail. Caithfear an t-ainmhí mór, cumhachtach seo a láimhseáil agus a smachtú. (35)

(b) **Pointe forbartha amháin: (15.)**

Creideann Sócraitéas go bhfuil daonlathas contúirteach. Ceapann sé nach bhfuil a fhios ag grúpa mór daoine céard is fearr dóibh agus mar sin go dteastaíonn treoir uathu ó dhaoine atá críonna. Caithfear an t-ainmhí mór, cumhachtach a choinneáil faoi smacht mar gheall ar an damáiste is féidir leis a dhéanamh. Is rabhadh é seo faoi na bearta atá coitianta ach nach bhfuil ar son an leasa choitinn a tharlaíonn uaireanta nuair a théitear thar fóir le daonlathas. (15)

**(ii)** (a) **Dhá phointe míniúcháin: (15,15.)**

Is é freagra Cephalus ar cheist Shócraitéas an bhfuil seanaois deacair nach bhfuil an ceart ag daoine a deir go bhfuil an tseanaois lán le haiféala agus le heaspa nirt agus pléisiúir. Deir sé gur maith an rud é bheith saor ó “mhothúcháin den sórt seo”, nuair nach mbíonn do mhothúcháin chomh tréan agus a bhí agus nach mbíonn tú i do sclábhaí acu a thuilleadh. Deir sé go bhfuil sé éasca an tseanaois a fhulaingt má bhíonn tú ciallmhar ina leith.

(30)

(b) **Dhá phointe míniúcháin: (10,10.)**

Ag freagairt na ceiste faoi na buntáistí a bhaineann le bheith saibhir, deir Cephalus gurb é mianach an duine seachas a chuid saibhris an rud a shocraíonn an chaoi a nglacann sé leis an tseanaois. Cuireann sé in iúl nach mbeidh fear a bhfuil drochmhianach ann socair ann féin choíche, fiú má tá sé saibhir, ach aithníonn sé freisin nach aon chabhair don fhear maith, fiú, an bhochtaineacht agus aois mhór air. (20)

## (iii) (a) **Trí phointe: (10,10,10.)**

Tá na tréithe seo le fáil mar seo a leanas: faightear críonnacht san aicme rialaitheach; tá crógacht ag saighdiúirí nó ag saighdiúirí cúntacha; níl féinsmacht ag aon aicme amháin ach sa bhealach a réitíonn aicmí lena chéile ionas go mbíonn an chuid chríonna i gceannas ar na daoine eile agus go n-aontaíonn siad sin leis. (30)

(b) **Pointe amháin: (10.)**

Feictear cóir i stát ina bhfuil trí aicme a dhéanann a jabanna féin ina réimsí féin agus a thugann aire dá gcuid féin, gan cur isteach ar róil a chéile. (10)

(b) **Cúis amháin: (10.)**

Aontaím: Argóint loighciúil atá ann i bhfabhar dlí agus oird agus córas eagraithe a d'fhéadfadh bheith féaráilte do gach duine.

Ní aontaím: Tá sé an-saintreorach sa mhéid is go bhfuil an córas an-dian agus ní cheadaíonn sé d'aonánacht ná do phlé. (10)

## (iv) (a) **Dhá phointe: (15,15.)**

Cén chaoi a bhféadfadh a stát bheith fíor? Tá argóint Shócraitéas bunaithe ar phéintéireacht. Deir sé nár cheart péintéireacht d'fhear dóighiúil a dhiúltú toisc nach féidir leis an bpéintéir a chruthú go bhféadfadh a leithéid d'fhear a bheith ann. Cuireann sé in iúl nach ionann an cleachtas agus an teoiric agus, dá bhrí sin, gur cheart "na coinníollacha a aimsiú ina bhféadfaidh stát a bheith cosúil leis a mhéad agus is féidir" (i.e. an stát idéalach).

(30)

(b) **Dhá phointe: (10,10.)**

I stát Phlatóin, tá tús áite ag leas an phobail uile ar shaoirse an duine aonair. Luaitear an saoránach le haicme áirithe agus ní féidir athrú as sin. Níl a leithéid de rud i gceist agus saol teaghlaigh. Déantar cinsireacht ghéar. Níl páirt ar bith ag an saoránach i roghnú na gceannairí ná in aon socruithe a mbíonn tionchar acu ar an saol sin acusan. I gcás na

nGardaí, is saol crua é mar go mbíonn blianta fada staidéir le déanamh gan aon ní dá bharr ach modh maireachtála ríghortach agus blianta eile le caitheamh ina dhiaidh sin ag treorú an stáit. Ar an taobh eile den scéal, dá mba rud é go bhféadfaí stát idéalach Phlatóin a thabhairt i gcrích, ba stát é ina mbeadh comhionannas ar go leor bealaí idir an fear agus an bhean agus ina mbeadh gach saoránach ag déanamh na hoibre a oireann dó. Ní bheadh aon aighneas inmheánach sa stát. (20)

## Topaic 10: Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

**(i)** (a) **(10.)**

Bríce neamhfhásáilte, colúin agus piléir chloiche, bíomaí adhmaid. (10)

(b) **Dhá phointe: (8,7.)**

Bríce neamhfhásáilte atá ar an taobh amuigh le háirse bhríce os cionn an dorais. Tá díon ag gobadh amach ar choirbéil agus tá balcóin ornáideacha ann. Bheadh aird tarraingthe ar na sonraí le péint dhaite, gheal. Bheadh bealach isteach ón staighre seachtrach idir na doirse. (15)

(c) **Pointe amháin: (10.)**

D'úsáidfí urlár na talún i gcomhair siopaí nó gnólachtaí. (10)

(d) **Dhá dhifríocht: (8,7.)**

Is iad na difríochtaí is mó nach raibh aon sláintíocht ná áiseanna cócaireachta iontu, bhí bealach isteach ón staighre seachtrach; ní raibh aon teas ná leictreachas iontu. (15)

**(ii)** (a) **(5.)**

Is é Cath Iseas an cath cáiliúil. (5)

(b) **(5,5.)**

Alastar Mór agus Dáirias, Rí na bPeirseach. (10)

(c) **Dhá phointe: (10,10.)**

Cruthaítear radharc an-bhríomhar agus spleodrach le gníomh guairneánach na mósáice agus na capaill ag féachaint i dtreonna éagsúla agus na sleánna ag trasnú. Cuireann an diongbháilteacht ar aghaidh Alastair agus an scanradh ar éadan Dháirias le mothúchán na

mósáice. Cuireann na huillinneacha aisteacha de roinnt de na figiúirí agus na capaill leis an mearbhall agus leis an gcoimhlint chomh maith. (20)

(d) **Dealramh (15.)**

Dhéanfaí mósáic cosúil leis seo trí na tesserae nó tíleanna bídeacha a chur bun os cionn ar líníocht den radharc deiridh le stroighin i gceardlann. Chuirfí an painéal in airde ansin sa teach agus bhainfí an cúl de. (15)

## (iii) (a) **Pointe amháin le forbairt ghearr: (15.)**

Úsáideann sé an frása le cur síos a dhéanamh ar bhusta Pheiricléas mar go léiríonn sé barúil d'fhear, ach ní léiríonn sé duine réadúil. Éadan atá ann le tréithe cineálacha gan aon indibhidiúlacht agus gan aon dreach. (15)

(b) **Dhá phointe: (10, 10.)**

Sampla tipiciúil de Rómhánach é busta Philib sa mhéid is go léiríonn sé fíordhuine. Tá éadan ar leith i gceist, tá sé neamhshiméadrach agus an-réadúil, níl sé idéalaithe. Tá na línte troma ar an dá thaobh den tsrón agus na malaí treafa beoga agus mothaíonn tú go bhfuil an fear á fheiceáil agat mar a bhí sé. Tá sé seo an-choitianta i portráidí Rómhánacha, 'faithní agus eile'. (20)

(c) **Dhá phointe: (8, 7.)**

Breathnaíonn sé cosúil le fear sách dáiríre, dian fiú. Breathnaíonn sé láidir agus cosúil le fear nach gcuirfeá isteach air. D'fhéadfaí a rá go mbreathnaíonn sé brúidiúil fiú. Cuireann Wheeler síos air mar charachtar "imníoch, cleasach agus brabúsaí". (15)

## (iv) (a) **(4,4,4,4,4.)**

a - folcadh snámha faoin aer, b – frigidarium, c – tumfholcadáin, d – tepidarium, j – leithris.

(20)

(b) **Trí phointe: (10, 10, 10.)**

D'fhéadfaí daoine bocht rochtain a fháil ar shláintíocht; ach d'úsáid gach aicme na folcadáin de bharr na dtairbhí móra a bhí leo: an deis le níocháin; aclaíocht a dhéanamh; bheith sóisialta; d'intinn a spreagadh sa leabharlann, seomra léachta, músaem a bhí nasctha le roinnt coimpléacs folctha. (30)

Leathanach Bán